

Cuntas Leithreasa 2022

Vóta 41

An tÚdarás Póilíneachta

Réamhrá

Mar Phríomhfheidhmeannach ar an Údarás Póilíneachta, is mise an tOifigeach Cuntasaíochta do Vóta 41. Ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas atá ceangailte leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 i gcomhair thuarastail agus speansais an Údaráis Póilíneachta.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2022, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlítear barrachas €529,000 a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 5.

Ról an Údaráis

Bunaíodh an tÚdarás Póilíneachta an 1 Eanáir 2016 le hachtú Acht an Gharda Síochána (An tÚdarás Póilíneachta agus Forálacha Ilghnéitheacha) 2015. Tá sé comhdhéanta den Chathaoirleach agus d'ochtair comhaltaí.

Is é príomhról an Údaráis formhaoirseacht a dhéanamh ar an dóigh a gcomhlíonann an Garda Síochána a chuid feidhmeanna maidir le seirbhísí póilíneachta.

Tá an tÚdarás freagrach as na nithe seo a leanas freisin:

- gníomhaíochtaí an Údaráis a threorú agus a stiúradh
- comhlíonadh agus na hoibleagáidí reachtúla uile is infheidhme
- an Príomhfheidhmeannach agus an fhoireann ardbhainistíochta a choimeád cuntasach as comhlíonadh éifeachtach a bhfreagrachtaí
- nithe a bhaineann le hiniúcháireacht, le rialachas agus le bainistíocht riosca
- a chinntiú go mbíonn córais éifeachtacha rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm agus á gcur chun feidhme
- plan straitéiseach a ullmhú agus a ghlacadh, agus
- an tuarascáil bhliantúil ón Údarás a ullmhú.

Ghlac an tÚdarás an *Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* agus, de réir fhoráil 2.6 den chód, cuirfidh Cathaoirleach an Údaráis tuarascáil chuimsitheach faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt faoin 31 Márta 2023. Cuirfear an tuarascáil bhliantúil ón Údarás don bhliain 2022 faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt faoin 31 Márta 2023 freisin.

De bhun na tuarascála ón gCoimisiún um Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn (COFPI, 2020), tá sé beartaithe comhlacht reachtúil nua a bhunú. I mí na Samhna 2022, d'fhoilsigh an Roinn Dlí agus Cirt Bille nua um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2022. Beartaítear sa Bhille go mbunófaí Údarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail tríd an Údarás Póilíneachta agus Cigireacht an Gharda Síochána a chumasc. Go dtí go mbunófar é sin, áfach, ní bheidh aon athrú ann ar fheidhmeanna reachtúla agus formhaoirseachta reatha an Údaráis Póilíneachta.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe i gclár 22 de 2022, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go mbíonn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú ag an Údarás.

Déantar an fhreagracht sin a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní a bhíonn ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Phríomhfheidhmeannach. Ina theannta sin, ní fhéadfaidh aon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go mbraithfí in am trátha iad. Is próiseas leanúnach é córas na rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Seirbhísí comhroinnte

Soláthraíonn Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais sa Roinn Dlí agus Cirt seirbhísí airgeadais don Údarás faoi chomhaontú seirbhíse. Soláthraíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte seirbhísí párolla agus acmhainní daonna don Údarás faoi mheabhrán tuisceana. Tá mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais na gcomhaontuithe sin comhlíonta agam.

Tá freagracht ar Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Dlí agus Cirt agus ar Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte as oibriú na gcóras rialaithe inmheánaigh i ndáil le seirbhísí comhroinnte airgeadais agus le seirbhísí párolla agus acmhainní daonna faoi seach. Bíom ag brath ar litreacha dearbhaithe ón mbeirt Oifigeach Cuntasaíochta go bhfeidhmítear córais chuí rialachais agus rialaithe inmheánaigh ar na seirbhísí a sholáthraíonn siad don Údarás.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.

- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca ann chun comhairle a chur orm maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí i ndáil leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú tráthrialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmलगin agus cuntasachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann lena ngabhann buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe míosúla tráthrialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamh-mheastachán
- go bhfeidhmíonn córas bainistíochta riosca laistigh den Oifig
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.

Iniúchadh inmheánach agus Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

Deimhním go bhfuil feidhm iniúcháireachta inmheánaí ag an Údarás le pearsanra atá oilte go cuí, ar feidhm í a fheidhmíonn de réir cairt scríofa a gceadaíonn an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca í i gcomhairle leis an Oifigeach Cuntasachta. Mar gheall ar mhéid an Údaráis, tá an fheidhm sin seachfhoinsithe chuig gnólacht seirbhísí gairmiúla, a bhfuil a chuid seirbhísí faoi réir gnáthphróiseas atairisceana de réir nósanna imeachta soláthair. Treoraíonn anailís ar na rioscaí, lena n-áirítear rioscaí airgeadais, a bhfuil an tÚdarás neamhchosanta orthu a cuid oibre agus bíonn a pleananna bliantúla iniúcháireachta inmheánaí, a bhíonn á gceadú ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chumhdach ar bhonn leanúnach i gcaitheamh tréimhse réasúnach. I gcomhar le Coiste Iniúcháireachta agus Riosca an Údaráis, déanaim athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúcháireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúcháireachta inmheánaí.

Soláthar

Deimhním go gcinntíonn an tÚdarás go bhfuil béim chuí ann ar an dea-chleachtas sa cheannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíonfar na treoirlínte ábhartha uile.

Thug an tÚdarás mionsonraí faoi thrí chonradh neamhiomaíochas sa tuairisceán bliantúil i dtaca le ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair

Chomhlíon an tÚdarás na treoirlínte ach amháin i gcás dhá chonradh (de bhreis ar €25,000) dar luach €72,810 (gan CBL a áireamh) san iomlán sa bhliain 2022, mar atá leagtha amach thíos:

- B'ionann agus €21,497 conradh amháin a ndeachthas isteach ann sa bhliain 2021. Rinneadh tuilleadh oibre faoin gconradh sin sa bhliain 2022 ab ionann agus €13,279. Ba sholáthar foinse aonair é sin. Ba théarmaí tionscadalbhunaithe iad na téarmaí conartha, agus iad ag dul in éag ar bhaint amach na mbunspricanna inghnóthaithe uile, agus rogha ann an conradh a fhadú níos faide ná na téarmaí sin. Fostaíodh sainchonraitheoir le ceadú iomlán an Údaráis sa bhliain 2021 chun comhairle straitéiseach neamhspleách a sholáthar don Údarás i ndáil le hAthbhreithniú an Gharda Síochána ar Chealú ghlaonna seolta ríomhchuidithe 999. Ba é an conraitheoir an t-aon soláthraí amháin a bhí ar fáil ag a raibh an saineolas speisialaithe ba ghá chun an obair sin a dhéanamh, toisc gur éiligh an tÚdarás saineolas sinsearach neamhspleách póilíneachta agus taithí imscrúdaithe ar chórais seolta ríomhchuidithe. Bhí an taithí sin ag an soláthraí de bhua a oibre do Sheirbhís Póilíneachta na hAlban agus do Chigireacht Constáblachta an Rí in Albain. Breithneofar seirbhísí cosúla breise le haghaidh próisis soláthair iomaíoch as seo amach, de réir mar is cuí.
- Sa bhliain 2015, d'fhostaigh an Cathaoirleach ainmnithe sainsoláthraí mar an t-aon soláthraí amháin a bhí ar fáil ag an am chun na ceadúnais a sholáthar le haghaidh na mbogearraí speisialaithe bainistíochta cruinnithe a n-úsáideann an tÚdarás iad chun doiciméid cruinnithe atá rí-rúnda agus rí-íogair a chomhroinnt go slán. Cé gur chostas íseal é an costas bliantúil tosaigh, is mó ná €25,000 anois costas carnach na gceadúnas le haghaidh na seirbhíse sin thar na blianta. Rud ba dhéanaí fós, rinneadh cleachtadh soláthair ina dhiaidh sin sa bhliain 2023 trí eTenders le haghaidh na seirbhíse sin agus cinneadh an soláthraí reatha a bheith ar an tairgeoir is buntáistí go heacnamaíoch. Leanfaidh an tÚdarás d'fhaireachán a dhéanamh ar an gclár conarthaí agus ar thréimhsí conartha as seo amach.

Cuireadh na conarthaí thuas ar áireamh i dtuairisceán bliantúil 40/2002 dá dtagraítear thuas.

Creat riosca agus rialaithe

Chuir an tÚdarás córas éifeachtach bainistíochta riosca chun feidhme, rud lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar phríomhrioscaí agus ar na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina leagtar amach na príomhrioscaí atá roimh an Údarás agus rinneadh na rioscaí sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú bunaithe ar a shuntas atá siad. Is doiciméad beo é an clár agus déanann an tÚdarás agus an Fhoireann Ardbhainistíochta é a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn míosúil. Úsáidtear an toradh ar an obair sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh agus chun a chinntiú go gcoinnítear rioscaí ar leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun maolú a dhéanamh ar rioscaí agus ar an bhfreagracht a leagtar ar bhaill foirne shonracha as rialuithe a oibriú.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla le haghaidh monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don Fhoireann Ardbhainistíochta, i gcás gurb ábhartha. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Údarás chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistíocht riosca agus rialú. Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú an Údaráis ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais á dtreorú ag obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Saincheisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí ar rialú inmheánach airgeadais i ndáil leis an mbliain 2022 ar gá iad a nochtadh sa chuntas leithreasa.

Helen Hall

Oifigeach Cuntasaíochta
An tÚdarás Póilíneachta

28 Márta 2023

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 41 An tÚdarás Póilíneachta

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 41 Údarás Póilíneachta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltas agus an caiteachas a bhain le Vóta 41 Údarás Póilíneachta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam le Údarás Póilíneachta agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus MacCárthaigh

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

24 Lúnasa 2023

Aguisín leis an tuarascáil

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáiltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach tá an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinnim sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna cuntas leithreasa, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúcháireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithe míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.

- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnamh shuntasacha i rialú inmheánach a shainithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fóras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúcháireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

Vóta 41 An tÚdarás Póilíneachta

Cuntas Leithreasa 2022

		2022	2021
	Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
	€000	€000	€000
Caiteachas an chláir			
A Formhaoirseacht neamhspleách a sholáthar ar fheidhmeanna póilíneachta an Gharda Síochána	3,926	3,399	2,975
Ollchaiteachas	3,926	3,399	2,975
<i>Lúide</i>			
B Leithreasaí-i-gcabhair	70	72	65
Glanchaiteachas	3,856	3,327	2,910

Barrachas

Dlítear barrachas na suime a soláthraíodh, os cionn na glansuime a feidhmíodh, a ghéilleadh don Stáitchiste.

	2022	2021
	€	€
Barrachas le géilleadh	528,903	840,341

Helen Hall

Oifigeach Cuntasaíochta
An tÚdarás Póilíneachta

28 Márta 2023

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2022

	2022	2021
	€000	€000
Riarachán – pá	2,430	2,236
Riarachán – neamhphá	969	739
Ollchaiteachas	3,399	2,975
<i>Lúide</i>		
Leithreasaí-i-gcabhair	72	65
Glanchaiteachas	3,327	2,910
Athruithe ar shócmhainní caipitil		
Dímheas	7	10
Athruithe ar ghlansócmhainní caipitil		
Méadú ar fhabhruithe deiridh	7	
Laghdú ar fhardail	9	(20)
Caiteachas díreach	3,350	2,900
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile		
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)	333	332
Glanhostas an chláir	3,683	3,232

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 41 a tabhaíodh in áit eile.

	2022	2021
	€000	€000
Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	10	8
Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí	259	263
Vóta 18 An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	6	5
Vóta 24 Díl agus Ceart	58	56
	333	332

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2022

	Nóta	2022 €000	2021 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	18	25
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim		99	69
Fardail	2.2	—	9
Réamhíocaíochtaí	2.3	17	22
Glanmhaoiniú ón Státchiste	2.5	2	—
Iarmhéideanna dochair eile		1	29
Iomlán na sócmhainní reatha		119	129
Lúide dliteanais reatha			
Speansais fhabhraithe		7	5
Iarmhéideanna sochair eile	2.4	102	98
Iomlán na ndliteanas reatha		109	103
Glansócmhainní reatha		10	26
Glansócmhainní		28	51
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe stáit	2.6	28	51

2.1 Sócmhainní caipitil

	Trealamh oifige €000	Troscán agus feistis €000	Iomlán €000
Ollsócmhainní			
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2022	47	36	83
Breiseanna	—	—	—
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2022	47	36	83
Dímheas carntha			
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2022	26	32	58
Dímheas don bhliain	6	1	7
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2022	32	33	65
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2022	15	3	18
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021	21	4	25

Nóta ^a Áirítear le costas nó luacháil i dtús na bliana agus ag deireadh na bliana aon sócmhainní a fuarthas ar chostas ba lú ná €10,000 roimh an 1 Eanáir 2021.

2.2 Fardail

ag an 31 Nollaig	2022 ^a €000	2021 €000
Stáiseanóireacht	—	7
Lónadóireacht	—	1
Glantachán	—	1
	—	9

Nóta ^a Ón mbliain 2022 i leith, déantar earraí ardtoirte íseal-luacha a chlárú ina n-iomláine mar speansas sa bhliain agus ní aicmítear mar earraí stoic iad a thuilleadh.

2.3 Réamhíocaíochtaí

ag an 31 Nollaig	2022 €000	2021 €000
Riarachán	11	9
Tacaíocht Bogearraí	6	13
	17	22

2.4 larmhéideanna sochair eile

ag an 31 Nollaig	2022 €000	2021 €000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	56	50
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	26	25
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	5	10
Cáin bhreisluacha ar shonraisc eachtracha	10	8
	<u>97</u>	<u>93</u>
Míreanna sochair eile ar fionraí	5	5
	<u>102</u>	<u>98</u>

2.5 Glanmhaoiniú ón Státchiste

ag an 31 Nollaig	2022 €000	2021 €000
Barrachas	529	840
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(531)	(840)
Glanmhaoiniú ón Státchiste	<u>(2)</u>	<u>—</u>
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	99	69
larmhéideanna dochair: fionraí	1	29
	<u>100</u>	<u>98</u>
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(97)	(93)
larmhéideanna sochair: fionraí	(5)	(5)
	<u>(102)</u>	<u>(98)</u>
	<u>(2)</u>	<u>—</u>

2.6 Cuntas maoinithe stáit

	Nóta	2022	2021
		€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir		51	41
Eisiocaíochtaí ón Vóta			
Soláthar meastacháin	Cuntas	3,856	
Barrachas le géilleadh	Cuntas	(529)	
Glanvóta		3,327	2,910
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1.1	333	332
Glanchostas an chláir	1	(3,683)	(3,232)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig		28	51

2.7 Ceangaltais

Ceangaltais dhomhanda	2022	2021
ag an 31 Nollaig	€000	€000
Deontais	24	10
Soláthar earraí agus seirbhísí	29	109
	53	119

Nóta 3 Caiteachas an Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Aicmítear an leithdháileadh ar fad ar Vóta 41 An tÚdarás Póilíneachta mar chaiteachas riaracháin a úsáidtear i leith clár aonair: Formhaoirseacht neamhspleách a sholáthar ar fheidhmeanna póilíneachta an Gharda Síochána.

		2022	2021
		Soláthar meastacháin	Toradh
		€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	2,446	2,430
ii	Taisteal agus cothú	60	20
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	1,025	621
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	25	10
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha	175	154
vi	Costais áitribh oifige	115	163
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe	80	1
		3,926	3,399
			2,975

Difríochtaí suntasacha

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha

Soláthar meastacháin €1.025 milliún; toradh €621,000

Áiríodh leis an soláthar meastacháin don bhliain 2022 €350,000 le haghaidh obair bhreise ar phróisis earcaíochta an Gharda Síochána a athrú chun dáta. Ba é an toradh a bhí ar mhoilleanna soláthair nach rabhthas ag súil leo i ndáil leis an obair sin ná gur tabhaíodh caiteachas nialais sa bhliain 2022. Táthar ag leanúint leis an bpróiseas soláthair sa bhliain 2023 agus tá sé beartaithe go gcuirfear an obair sin i gcrích sa bhliain 2023. Mar thoradh ar an toisc sin agus ar an gcur isteach leantach ar réimsí áirithe oibre a d'eascair as éigeandáil Covid-19 sa chéad sé mhí den bhliain 2022, bhí gannchaitheamh €404,000 ann (2021: €546,000)

Nóta 4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

		2022		2021
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí	70	71	63
2	Ilgheitheach	—	1	2
Iomlán		70	72	65

Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2022	2021
Líon foirne ag deireadh na bliana	<u>38</u>	<u>38</u>

5.2 Pá

	2022	2021
	€000	€000
Pá	2,193	2,029
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	11	—
ÁSPC an Fhostóra	<u>226</u>	<u>207</u>
Pá iomlán	<u>2,430</u>	<u>2,236</u>

5.3 Táillí agus speansais chomhaltaí an Údaráis

Sa bhliain 2022, bhí naonúr comhaltaí den Údarás ann, an Cathaoirleach san áireamh (2021: naonúr). Bhí 14 chruinniú iomlánacha san iomlán ag an Údarás (ar cuireadh cúig cinn díobh ar siúl go poiblí) (2021: 18 gcruinniú (ar cuireadh cúig cinn díobh ar siúl go poiblí)) agus cuireadh 22 chruinniú san iomlán de chuid fochoistí ar siúl (2021: 20 cruinniú).

Íocadh táillí arbh ionann iad agus €142,490 san iomlán le comhaltaí an Údaráis sa bhliain 2022 (2021: €140,799). B'ionann na speansais a íocadh le comhaltaí sa bhliain 2022 agus €7,412 (2021: €247). Muirearaíodh na táillí agus speansais ar fho-mhírcheann A (iii) Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha.

5.4 Foireann an Údaráis de réir banda pá

Tá líon na bhfostaithe de chuid an Údaráis a raibh a sochair iomlána fostaithe (lena n-áirítear bunphá, liúntais agus ragobair, gan ÁSPC an fhostóra agus costais phinsin an fhostóra a áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus a tháinig faoi gach banda €10,000 ó €60,000 ar aghaidh mar a leanas.

Bandaí pá (€)		Líon fostaithe	
Ó	Go	2022	2021
20,000	59,999	26	26
60,000	69,999	1	1
70,000	79,999	2	2
80,000	89,999	4	3
90,000	99,999	2	3
100,000	109,999	1	1
110,000	119,999	1	1
120,000	129,999	—	—
130,000	139,999	—	—
140,000	149,999	—	—
150,000	159,999	—	—
160,000	169,999	—	1
170,000	179,999	1	—

5.5 Socruithe eile maidir le luach saothair

Rinneadh cúig státseirbhíseach déag ar scor a bhí ag fáil pinsin státseirbhíse a athfhostú sa bhliain 2022 (2021: naonúr) ar chostas iomlán €61,232 (2021: €45,472). Tá nósanna imeachta cuí i bhfeidhm maidir le híocaíochtaí le pearsanra ar scor de réir alt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012.

5.6 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Cuntasaíochta

Bhí luach saothair agus sochair inchánach an Oifigigh Cuntasaíochta don bhliain airgeadais mar a leanas.

	2022	2021
	€000	€000
Bunphá	<u>170</u>	<u>165</u>

Níl luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse ar áireamh san fhigiúr thuas. Tá an tOifigeach Cuntasaíochta ina comhalta den scéim pinsin iar-1995 d'fhostaithe neamhbhunaithe stáit agus ní théann a teidlíochtaí i leith sochair scoir thar théarmaí na scéime sin.

Sainaithníodh earráid párolla de bhun athnuachan chonradh an Oifigigh Cuntasaíochta. Ba é an toradh a bhí air sin ná go rabhthas ag gann-asbhaint ranníocaíochtaí pinsin an Oifigigh Cuntasaíochta ó bhí an bhliain 2016 ann dar luach €42,000. Ceartaíodh é sin sa bhliain 2022, agus táthar ag asbhaint ranníocaíochtaí pinsin go cuí ó mhí Dheireadh Fómhair 2022 ann. Comhaontaíodh sceideal le haghaidh na ranníocaíochtaí pinsin idir an bhliain 2016 agus an bhliain 2022 a fhorchúiteamh agus tá sé á chur chun feidhme.